



# Polasaí Oideachais Tacaíochta i nGaelscoil na Lochanna

37


## Réamhrá:

Cuireadh an polasaí seo le chéile i rith na scoilbliana 2014/5 agus rinneamar athbhreithniú i 2015/16 agus arís i 2016/17. Bhí polasaí tacaíocht foghlama againn ó 2007 agus tá an polasaí seo anois ina ionad siúd. Tá an polasaí seo ag eascairt as an dul i gcomhairle le siceolaí NEPS, Treoirínite na Roinne maidir le Samhail Nua do athdháileadh na huairéanna tacaíochta sa scoil, Múinteoirí Tacaíochta agus Múinteoirí agus Príomhoide na scoile. Tá na polasaí curtha faoi bhráid an bhoird bainistíochta, Coiste na dtuistí agus pobal na scoile.

Tá cur chuige iomláin scoile againn i nGaelscoil na Lochanna maidir leis an Tacaíocht Foghlama agus tá barrmhianta arda againn doná páistí ar fad a bhfuil tacaíocht de dhíth uathu go ndéanfaidh siad go han-mhaith ar scoil.

Glacfaidh an fhoireann teagaisc le cur chuige fadhb réiteach a úsáid chun tacú le páistí. (eolas a bhailiú, fadhb a iniúchadh, straitéis a thriail, réiteach a lorg, athbhreiniú a dhéanamh ar an bhfadhb...)

Tá an Polasaí seo bunaithe ar an gContanam Leanúntas Tacaíochta. ie An triantán Tacaíochta-



Tacaíocht Ranga= páistí atá ag fáil tacaíocht ón múinteoir ranga

Tacaíocht Scoile= páistí ag fáil tacaíocht ón múinteoir tacaíochta

Tacaíocht Scoile Móide= páistí ag fáil tacaíocht ó reimse múinteoirí/proifisiúnsaigh eachtrannaigh

## Faoin scoil:

Gaelscoil idirchreidmheach atá i nGaelscoil na Lochanna. Bunaíodh an scoil sa bhliain 2006. Tá os cionn 200 páiste sa scoil anois. Ó Mhéan Fómhair 2017, tá sraith amháin de gach rang sa scoil.

Tá 39.25 uaireanta tacaíochta ag an scoil faoi láthair.

Tá Cuntóir Riachtanais Speisialta iomlán sa scoil faoi láthair le beirt páiste faoina cúram.

## **Príomh aidhm an Pholasaí**

Is í an aidhm atá ag an bpolasaí seo ná a leagadh amach go soiléir an tslí a dhéileáileann an scoil le ceist an Tacaíocht Foghlama sa scoil

i.e.

- Cén stratéisí coisctheacha atá ag an scoil chun oideachas éifeachtach a chur ar fáil?
- Cén cabhair tacaíochta atá ar fáil?
- Cad iad na Treoir prionsabail a threoiríonn cé a fhaigheann cabhair breise?
- Cé dó a thugtar prioracht?
- Conas mar a fheidhmníonn an Leanúntas Tacaíochta?
- Cathain agus Conas a dhéantar athbhreiniú ar an obair Tacaíochta?
- Na rólanna éagsúla atá ag baill éagsúla an phobail scoile sa chóras scoile

## **Aidhmeanna Ginearálta an Tacaíocht foghlama sa scoil**

- an leas is fearr a bhaint as an bpróiseas múinteoireachta agus foghlama.
- cabhrú le daltaí a bhfuil fadhbanna foghlama acu leibhéil sásúla inniúlachta sa litearthacht, san uimhirtheacht agus sa litearthacht (Gaeilge & Béarla) a bhaint amach sula bhfágann siad an scoil.
- cabhrú le daltaí a bhfuil fadhbanna sóisialta nó iompar ar leith acu.
- féin mhúinín an pháiste a chothú agus a láidriú.
- a chinntiú go bhfuil comhoibriú ann idir Múinteoirí Ranga, Múinteoirí Tacaíochta agus Tuismitheoirí le Plean Tacaíochta an pháiste a pheanáil agus a chur i bhfeidhm.
- le daltaí go bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu páirt gníomhach a ghlacadh laistigh den gnáth rang, ag leibhéal oiriúnach dóibh.
- Scileanna bunúsacha a mhúscailt iontu, ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh sa churaclam iomlán.
- Meon dearfach a fhorbairt agus a chothú iontu, dearcadh deimhneach a spreagadh maidir le foghlaim agus scoil de.
- Scoláirí a fhorbairt maidir le foghlaim neamh spleách.
- Acmhainní breise a chur ar fáil sna hábhair go háirithe i mBéarla & i Mata. (& ó 2017/18, i nGaeilge)
- Comhoibriú agus tacaíocht na dtuismitheoirí / caomhnóirí a fháil trí chlár tacaíochta cuí a chur i bhfeidhm.
- Córas monatóireachta a bhunú, chun dul chun cinn na ndaltaí seo a mheas.
- Cabhair agus tacaíocht na múinteoirí do pholasaí Oideachas agus Riachtanais Speisialta a fháil.

## **Treoir Prionsabail**

Feidhmneoidh córas tacaíochta na scoile seo ag leanúint 4 phrionsabail

1. Go bhfuil an ról lárnach ag an múinteoir Ranga ag freastal ar riachtanais na bpáistí ina rang
2. Go dtabharfar “an tacaíocht is mó ar fáil de réir an Riachtanais is mó”

san áireamh bheadh Riachtanais

- Sóisialta,
- Acadúla (Litearthacht, Uimhearthacht, eile),
- Mothúcháin
- Iompair,
- Foghlama eile

D’fhéadfaí an t-eolas ar an riachtanais a bhailiú óna:

foirmeacha clárúcháin, measúnaithe proifisiúnta, breathnadóireacht an mhúinteora, taifid tinrimh, taifid iompair, scrúduithe ar scoil, scrúdúthe caighdeánaithe agus ó ábhar is cúram do thuismitheoirí nó múinteoirí.

Déantar na tacaíocht a bhronntar ar pháiste a mheaitseáil le riachtanas an pháiste agus tugtar an cabhair bunaithe ar fhianaise a bhaílítear agus tugtar an cabhair go céimneach.

### 3. Go bhfuil Prioracht tugtha do luath-idirghabháil

Bíonn prioracht tugtha don luathidirghabháil tacaíochta san uimhearthacht agus litearthacht ag na ranganna sóisearacha ar dtús (Naí go Rang 2). (moladh Treoirínite na Roinne)

4. An aidhm ná uasmhéid 15% de pháistí a bhaint óna seomraí ranga don chabhair breise.

(Ar an bhformhór is fearr go mbeadh páistí istigh sa seomra ranga ag fáil cabhrach seachas a bheith amach le Múinteoir Tacaíochta-D'fhéadfaí go mbeadh an Múinteoir Tacaíochta istigh sa seomra ranga ag cuidiú le múinteoir ranga nó ag obair le páiste/ grúpa sa seomra ranga agus ní chóir go mbeadh múinteoirí tacaíochta ag baint níos mó ná 15% de pháistí as an seomra ranga).

## Cumarsáid

Déanfar dréacht an pholasaí seo a phlé le múinteoirí, bord na scoile, Coiste na dtuistí agus Tuismitheoirí na scoile agus cuirfear an polasaí ar fáil ar shuíomh idirlíon na scoile.

## Bliain scoile

Tá an bhliain scoile roinnte ina dtrí chuid:

MF- Nollaig, Nollaig go Cáisc, Cáisc go Meitheamh.

Déanfar athbhreiniú ar an tacaíocht sa scoil um Nollag, um Cháisc agus i rith Meán Fómhair.

I rith Meán Fómhair gach bliain, caithfear am ag meas agus ag breathnadóireacht ar riachtanais na bpáistí agus ag pleanáil aon idirghabhail cuí. (am breise do seo sna Naí Bheaga agus na páistí ag socrú isteach ar chóras na scoile agus córas Tumoideachais na scoile)

## Strateisí Choisctheacha (Preventative)

Aithnítear gur fearr cláracha coisctheacha a rith sna ranganna sóisearacha ach go háirithe agus na páistí ag dul i mbun bun scileanna teangan sa Ghaeilge, Béarla, Mata a fhoghlaim. Liosta Stratéisí sa scoil

Naí Bheaga agus Móra	Ranganna eile	Rang 6
Aistear le staisiún tugtha gach lá don uimhearthacht agus don litearthacht	Powerhour for English Rang 1,3,5 (widen to 3 classes in 2017/2018)	Clár Trasdul go meán scoil (le tosú i 2018)
Cleite- scéim Foghraíochta sa Ghaeilge (2018/2019)	Friends for Life Rang 3 (2018)	

Jolly Phonics- Phonics scheme for English	Incredible years (beginning September 2017)	
Réidh Sochar Déan - Mata le triail sa scoil 2017/2018 agus le cur i bhfeidhm 2018/19		

Eile : obair staisiúin, cláracha có-léitheoireachta, agus cláracha có-mhúinteoireachta a phleanáil ó am go chéile de réir riachtanais a thagann chun cinn

## Rólanna agus Freagrachtaí

Tá an Bord Bainistíochta freagrach as an bpolasaí a dhearbhu agus tá foireann uile na scoile freagrach as an bpolasaí a chur i gníomh go laethúil.

### An Príomhoide/Príomhoide Tánáisteach

'Sé ról an phríomhoide/phríomhoide tánaisteach i leith feidhmiú an pholasaí ná

- Liosta dena daltaí go léir atá i dteideal tacaíocht a choimeád. (máistir liosta scoile)
- Dul i dteagmháil le gníomhaireacht seachtrach agus an síceolaí nuair is gá.
- Monatóireacht a dhéanamh ar an próiseas roghnaithe.
- Dul i gcomhairle leis an bhfoireann teagaisc ar bhonn leanúnach agus moltaí na tuairiscí bliantiúla a phlé.
- Tréimhse athbhreinithe a reachtáil le foireann na scoile
- Tuismitheoirí/ Caomhnóirí a chur ar an eolas faoi theacht ar thacaíochta.

### Múinteoirí Ranga

- Aithníonn an scoil ról na múinteoirí ranga i bhforbairt agus dul chun cinn gach dalta ina rang, iad siúd le riachtanais foghlamtha nó speisialta san áireamh.
- 'Sé ról an mhúinteora ná pleanáil a dhéanamh chun freastal ar riachtanaisí gach scoláire sa rang.
- Déanfaidh an múinteoir ranga na hathruithe caoi sna straitéisí múinteoireachta agus sna cuspóirí foghlamtha ionas go ndéanfaidh na scoláirí an dul chun cinn atá ar a gcumas. Is céim a haon é seo ar an contanam tacaíochta, rachfar i gcomhairle le tuismitheoirí faoin gcabhair breise seo á thabhairt ag an múinteoir ranga agus beidh taifead déanta de na spriocanna atá le baint amach, conas atá an múinteoir chun cabhrú leis an páiste iad a bhaint amach agus cathain atá siad ag siúl go mbainfear amach na spriocanna sin.
- Cuirfear deacrachtaí foghlamtha san áireamh agus obair bhaile á leagadh amach. Beidh teagmháil idir an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíocht foghlama ar bhonn leanúnach.
- Gníomhaíochta a chothaíonn feabhsú uimhríochta, léitheoireachta agus litriú a spreagadh.
- Gníomhaíochtaí a spreagadh a chothaíonn agus a mhéadaíonn féin mhuinín an dalta.

### Múinteoir Tacaíochta

- Aithníonn an scoil ról an múinteoir tacaíochta a chuireann an tacaíocht cuí ar fáil ar bhonn leanúnach de réir treoireacha an mhúinteora ranga agus moltaí ón measúnú i gcás riachtanais speisialta. Is céim a dó den contanam tacaíochta an léibhéal seo agus

cabhróidh an múinteoir / na múinteoirí tacaíochta leo sa seomra ranga (le linn múinteoireacht foirne/staisiúin) nó lasmuigh den seomra mar chuid de ghrúpa beag nó go haonrach.

- Próifíl indibhidiúil oideachasúil (IPLP nó IEP) a dhéanamh dóibh siúd atá i dteideal riachtanais oideachais speisialta nó plean ghrúpa ábhair do ghrúpaí atá ag teacht amach le chéile.
- Co-órdnú a dhéanamh ar an bplean agus an clár ama don tacaíocht.
- Dul i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí i dtaobh páistí atá ag freastal ar thacaíocht.
- Déanfar cabhair sa Bhéarla a thabhairt trí Bhéarla.
- Déanfar cabhair sa Mhata a thabhairt trí Ghaeilge.
- Ó 2017, tá sé mar aidhm againn cabhair sa Ghaeilge a chur ar fáil freisin.

### Tuismitheoirí / Caomhnóirí

- Aithnítear an ról lárnach atá ag na tuismitheoirí/caomhnóirí lena páistí a spreagadh agus le tacaíocht breise a thabhairt sa bhaile nuair is gá.
- Bíonn cruinnithe oide tuistí ann do gach páiste i Mí na Samhna chun dul chun cinn na bpáistí a phlé le tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Beidh fáilte roimh thuismitheoirí labhairt leis an múinteoir ranga nó múinteoir tacaíochta agus leis an bpríomhoide má tá said buartha faoina bpáistí féin agus nuair a aontaítear gur chóir athbhreiniú a dhéanamh ar na céimeanna tacaíochta. (de ghnáth um Nollag, um Cháisc)
- Do thuismitheoirí/caomhnóirí go bhfuil páistí acu ar Chéim 2 don tacaíocht eagrófar cruinnithe/ glaoch teileafóin ag am athbhreinithe an IPLP.

### Bord Bainistíochta

- Is é an Bord Bainistíochta a dheineann bainistiú thar cheann na scoile. Aithníonn an scoil ról an Bhoird i bhforbairt agus i bhfeidhmiú an pholasaí.
- Áiseanna/ seomraí cuí a chur ar fail in oiriúnt d'obair tacaíochta na scoile.
- Déantar forbairt ar gach polasaí fé údarás an Bhoird agus is le húdarás an Bhoird a chuirtear i bhfeidhm gach polasaí.

### **Roghnú**

Is é an Príomhoide, i gcomhairle leis an múinteoir ranga, an múinteoir tacaíochta foghlama agus na tuismitheoirí a chinnteoidh cé h-íad na daltaí a bheidh ag glacadh páirt sa chlár Tacaíochta Foghlama.

Ag roghnú páistí úsáidfear na treoir phrionsabail sa pholasaí seo agus glactar leis go bhfuil uasmhéid páiste go féidir tacaíocht a thabhairt dóibh ag leibhéal Céim 2+3. Tá páistí le hardchumais le tabhairt san áireamh agus cinneadh á dhéanamh faoi thacaíocht a thabhairt go páistí.

Déanfar athbhreithniú ar an liosta páistí atá ag glacadh páirt sa chlár ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana.


D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh páiste(i) bogtha síos céim nó suas céim i rith na bliana agus go mbeidh tréimhsí gearra idirghabháil ar siúl i.e. clár tacaíochta a rith le páistí ar feadh 8-12

seachtain ag céim 2 (tacaíocht scoile) agus ansin an fhoghlaim/sprioc a mheas chun féachaint an noireadh sé dóibh tacaíocht Céim 1 a fháil (tacaíocht ranga) nó fanacht ar chéim 2 etc.


Beidh sé mar aidhm i gcónaí páistí a choinneáil sa timpeallacht ranga an méid agus is féidir.

### **Conas a Fheidhmníonn an Leanúntas Tacaíochta**

Buairt ardaithe ag Múinteoir/ Tuismitheoir



Tréimhse Breithnadhóireachta



Roghnú ar Céim Tacaíochta 1,2,3 agus



Plean tacaíochta a chur i bhfeidhm



Athbhreiniú ar Phlean Tacaíochta

Na Céimeanna

Céim 1 – **Plean Tacaíochta Ranga**, céim a haon ar an contanam tacaíochta

- Nuair atá Múinteoir Ranga buartha faoi pháiste ó thaobh obair, iompar nó scileanna sóisialta an pháiste, cuirtear an Príomhoide, an Múinteoir Tacaíochta agus tuismitheoirí an pháiste ar an eolas faoi nó má tá tuismitheoir buartha d'fhéadfadh siad teacht chun cainte leis an múinteoir ranga.
- Bailítear eolas i dtaobh an deacracht ó tuismitheoirí, ón dalta féin agus ó bhreathnadhóireacht agus seicliostaí an mhúinteora, agus ó iarmhúinteoirí más chuí.
- Líonann an Múinteoir ranga an Seicliosta tacaíochta ranga.

- Cuirtear an Múinteoir Ranga plean tacaíochta ranga i bhfeidhm don pháiste sin.
- Déantar athbhreithniú ar an bplean seo tar éis téarma amháin (le Seicliosta Athbhreinithe Tacaíocht Ranga) chun féachaint an bhfuil tuilleadh tacaíochta de dhíth ón bpáiste nó an bhfuil deireadh leis an ngá don tacaíocht.

## Céim 2 – **Plean Tacaíochta Scoile**, céim a dó ar an contanam tacaíochta

- Cuirtear an céim seo i bhfeidhm nuair a fheictear go bhfuil cabhair breise fós ag teastáil ón bpáiste tar éis an plean tacaíochta ranga a chur i bhfeidhm nó sa chás go meastar gur ba chóir don pháiste cabhair Céim 2 a fháil. (i.e. 10ú percentíl nó níos lú a ghnóthachtáil i scrúdú caighdeánach)
- Déantar IPLP aonarach/grúpa do gach páiste/grúpa ag céim 2 do thréimhse áirithe agus tógtar amach ón seomra ranga iad le tacaíocht breise a fháil nó faigheann siad cabhair breise sa seomra le linn múinteoireacht foirne i.e. Obair Staisúin/ Powerhour.
- Líonann an Múinteoir Tacaíochta, Seicliosta Tacaíochta Scoile don pháiste agus cuirtear plean tacaíocht scoile i bhfeidhm.
- Tar éis téarma amháin líonann an Múinteoir Tacaíochta An Taifead Athbhreithniú don pháiste.
- Déanann an Múinteoir Tacaíochta cinneadh i dteannta leis an bPríomhoide, An Múinteoir Ranga agus le tuismitheoirí an pháiste tar éis téarma, an leanfar ar aghaidh nó an gcuirfear deireadh leis an bplean tacaíochta scoile.

Critéir don chinneadh:

1. ar sriochadh na spriocanna a bhí leagtha amach sa phlean
2. bhfuil an páiste in ann feidhmiú sa seomra ranga go neamhspleach nó beagnach go neamhspleach gan an tacaíocht scoile.

## Céim 3 – **Tacaíocht Scoile Móide**, an tríú chéim ar an contanam tacaíochta

- Cuirfear céim a trí i bhfeidhm do pháistí tar éis dóibh céim 1 agus 2 a leanúint gan dóthain feabhas teacht ar an deacracht nó sa chás gur meastar gur ba chóir don pháiste cabhair Céim 3 a fháil.
- Cuirtear an chéim seo i bhfeidhm nuair a mheastar go bhfuil cabhair breise sa scoil nó taobh amuigh den scoil ag teastáil ó pháiste.
- Eagraítear cruinniú leis an bPríomhoide, An Múinteoir Tacaíochta, An Múinteoir Ranga agus Tuistí an pháiste and moltar cabhair breise (i.e. comhairle nó measúnú a fháil ó dhochtúir, nó siceolaí nó pé séirbhís a oireann don chás).
- Ní gá dul tríd céim 1 agus 2 chun céim a trí a chur i bhfeidhm má tá géar riachtannais ag an bpáiste ach seans go ndéanfar iad chomh maith le céim a 3.
- Cruthaíonn an Múinteoir Tacaíochta, Plean Oideachais ar Bhonn Dalta Aonair don Pháiste/IEP don pháiste ag céim a 3.
- Tar éis téarma amháin líonann an Múinteoir Tacaíochta an Bhileog Athbhreithnithe ar Phlean Oideachais ar Bhonn Dalta Aonair amach chun eolas sa bhailiú faoin gcabhair/ céim ar aghaidh

## Ag bailiú eolais

Anuas ar na gnáth measúnaithe a dhéanann gach múinteoir i gcónaí (breathnadóireacht, tascanna agus seicliostaí, próifil, marcanna scrúduithe ranga, comhdhálú le páistí) seo iad na scrúduithe/measúnaithe foirmeálta a chuirtear ar pháistí a chuidíonn le múinteoirí na scoile eolas a bhailiú ar riachtanais an pháiste

Rang	BIAP	MIST	Gaeilge	Béarla	Mata	NRIT
NB	✓ más ghá	✓ más ghá				
NM		✓	✓	✓	✓ early numeracy test	
R1			✓	✓	✓	
R2			✓	✓	✓	
R3			✓	✓	✓	✓
R4			✓	✓	✓	
R5			✓	✓	✓	
R6			✓	✓	✓	

Tá na scrúduithe diagnóiseach seo a leanas ar fáil sa scoil freisin ón múinteoir tacaíochta.

1. Dyslexia Portfolio.
2. Non verbal reasoning GI Assessment.
3. Neale Analysis.
4. First School years Literacy Profile.
5. Neps First Hundred Words Checklist.
6. Neps Phonics Skills Checklist.
7. Neps Second Hundred Words Checklist.
8. Dolch lists.
9. Drumcondra Spelling tests.
10. Westwood/Neps Math checklists.
11. Screener Dyscalculia
12. Schnoell word Reading Test
13. Schnoell Word Spelling test

Cuirtear leis na liosta seo ó am go ham



## Cláracha Tacaíochta ar fáil sa scoil

Chomh maith le tacaíocht a thabhairt don pháiste le hobair ranga cuirtear roinnt cláracha ar fáil de réir an ghá a fheictear.

Don Ghaeilge	Don Bhéarla	Don Mhata	Eile (chun cuidiú le hiompar, díriú ar ghá sóisialta)	
Aistear	Toe by Toe Alpha to Omega P.A.T. Forward Together Nessy Programme Accleread, accelewrite Handwriting SNIP	Réidh Sochar Déan (Mata) 18/19	Clár Aistriú go Meán scoi (ó 17/18)  Incredible Years (17/18)  Friends for Life (ó 17/18)  Social Stories	
Tá stratéisí i bhfeidhm tríd na scoile i ngach rang chun tacaíocht a thabhairt do pháiste ag léiriú tréithe Dyslexia.				

## **Fillteán Tacaíochta**

D'aon pháiste a fhaigheann tacaíocht breise sa scoil, coinneofar taifead ar an obair seo i bhfillteán tacaíochta. (ar fáil ar Thiomantán Google)

- Istigh san fhillteán beidh cur síos ar na Céimeanna Tacaíochta an Pháiste ón Leanúntas Tacaíochta (ie. spriocanna roghnaithe, stratéisí idirghbhála, fad an idirghbháil, seicliostaí athbhreinithe, Pleananna pearsanta (IPLP nó IEP) más ghá, taifead ar chruinnithe le tuismitheoirí, tuairiscí ó phroifisiún eachtracha)
- Déanfar pleanáil a scríobh téarma amháin ag an am
- Úsáidfean an fillteán seo chun taifead a choinneáil ar Aistear tacaíochta an pháiste i rith na bliana agus ó bhliain go bliain más ghá dóibh cabhair leanúnach a fháil.
- Coinneoidh an múinteoir Ranga na fillteán seo ina s(h)eomra ag leibhéal tacaíochta 1 agus coinneoidh an Múinteoir tacaíochta na fillteáin ag leibhéal tacaíochta 2 agus 3.
- Tá teacht ag múinteoir ranga, múinteoir Tacaíochta, Tuismitheoirí, SENO siceolaí, cigire, cúntóir riachtanas speisialta, oibrithe sláinte ar na tuairiscí sin.
- Sa chás go bhfuil baill foirne roinnte idir grúpa scoileanna coimeádtar na tuairiscí a bhaineann le páistí sa scoil ina bhfuil siad cláraithe.

- Tá an múinteoir ranga, an múinteoir tacaíochta agus an príomhoide freagrach as ábhar a chur i bhfillteán an pháiste.

### **Athbhreiniú:**

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo de réir sceideal athbhreinithe an Bhoird

### **Dyslexia**

Is fadhb Foghlamtha faoi leith é an Dyslexia.

Meastar go bhfuil sé ag 10% den daonra agus go bhfuil sé níos coitianta i gcaifíní na i mbuachaillí. Do pháiste

le Dyslexia- is minic a bhíonn deacracht acu le

- Léitheoireacht
- Scríobh
- Mata
- Taobh thiar i gcomparáid lena gcumas féin
- Proiseáil Foghraíochta
- Cuimhne
- Ainmniú Tapaidh

agus uaireanta fadhbanna le eagrú, ord, agus scileanna luaile. Go minic bíonn na fadhbanna ann tar éis tacaíocht a thabhairt agus bíonn dyslexia ar dhuine tríd a shaol. Sin ráite, tagann feabhas le múineadh feiliúnach ag an am ceart.

Bíonn tástáil siceolaí ag teastáil chun diagnóiséas de Dyslexia a dhéanamh. An ról ata ag an scoil anseo ná bheith ag faire amach do pháistí atá tréithe Dyslexia orthu agus Straitéisí a thriail chun cuidiú leo.

Tá liosta na “dTréithe” agus “Straitéisí” chun cuidiú le páistí Dyslexia mar aguisíní ag deireadh an pholasaí seo.

## **Cad a dhéanfaidh an scoil chun cuidiú le páiste sna réimsí seo a leanas**

(ag eascairt as caint foirne ar an gceist seo)

### **NB: MOL AN IARRAUGHT**

#### **Léitheoireacht**

- Piar nó cara sa rang a roghnú
- Leabhair ar a leibhéal a roghnú dó/dí
- Ceist a chur orthu ..ar mhaith leat bheith ag léamh?
- Béim ar éisteacht le daoine eile ag léamh

#### **Tuiscint Léitheoireachta**

- Athléamh (léigh an tábhar cúpla uair)
- Éisteacht le cara ag léamh
- Cuir ciorcail ar fhocail ata tábhachtach

#### **Litriú**

- Rialacha an litriú a mhúineadh
- Cluichí litriú
- Dath difriúil do fhocal bheaga
- Gan marc a thabhairt sa scrúdú
- Pictiúr lena focail
- Cóipleabhair do na litriú
- 2 mhála guta (cinn caol, cinn leathan)

#### **Scríobh**

- Brú ar an méid atá le scríobh aige/aici a laghdú
- Gearradh siar ar an méid & deacracht
- Ceacht ar an ngreim peannluaidh
- iPad speech to text (R 5/6)
- Cara scríobhneoireachta (???)
- Measc é le obair ó bhéal

#### **Obairbhaile**

- Léitheoireacht thar 2 – 3 lá seachas thar oíche amháin
- Greamóg sa dialann nó cóipleabhair don iarracht
- Ceist orthu faoin tam a thóg sé

#### **Moladh mol an iarracht**

- Scéal an léamh amach don rang mar an duais

## **Polasaí Scoile chun Dyslexia a Aithint agus Tacaíocht a Thabhairt**

### **Naíonáin**

- Múinteoir ranga ag faire amach do na tréithe
- Úsáid na liostaí thuas (Dyslexia Task Force) nó teisteanna eile – na fuaimeanna
- Féach ar obair ranga
- Labhair le tuistí
- Cuir plean ar siúl sa rang (Tacaíocht Ranga)
- Muna bhfuil morán dul chun cinn, labhair leis an múinteoir tacaíocht foghlamtha
- Úsáid teisteanna eile más gá
- Cuir leis an bplean

## **Polasaí Scoile chun Dyslexia a Aithint agus Tacaíocht a Thabhairt**

### **Rang 1 / 2 / 3**

- Múinteoir ranga ag faire amach do na tréithe
- Úsáid na liostaí thuas (Dyslexia Task Force) nó teisteanna eile Micra-T, Drumcondra, Sigma-T, Drumcondra Spelling
- Úsáid an NRIT – Non-reading Intelligence Test ar gach páiste R.3
- Bí ag faire amach do – léamh focal (word reading), tuiscint (reading comprehension), litriú (spelling, tuiscint mata (mathematical reasoning), scríobh mata (numerical operations/computation)
- Labhair le tuistí
- Cuir plean ar siúl sa rang / tacaíocht foghlamtha / scoile)
- Úsáidfaidh an múinteoir tacaíocht foghlamtha teisteanna aonarach (individual diagnostic tests) eile más gá – léamh, tuiscint, litriú
- Cuir leis an bplean ranga / tacaíochta scoile

## **Polasaí Scoile chun Dyslexia a Athint**

- Úsáid an NRIT – Non-reading Intelligence Test ar gach páiste
- Cuir na torthaí an NRIT i gcomparáid le torthaí na scrúdaithe litríochta agus mata
- Go ginearálta, bí ag súil leis na torthaí seo: (ss = standard score)
- Ó SS 70 – 80 ar NRIT: + 10 go 8 SS leis an scór mata nó litríochta
- Ó SS 80 – 90 ar NRIT: + 6 go 4 SS leis an scór mata nó litríochta
- Ó SS 91 – 97 ar an NRIT: + 4 go 0 leis an scór mata nó litríochta
- Ó SS 103 – 120 ar an NRIT: - 1 go 7 taobh thiar sa teist litríochta nó mata

## **Athbhreithniú**

Déanfar an polasaí seo a athbhreithniú de réir sceideal athbhreinithe an Bhord Bainistíochta.